Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 14 Eanáir 2020**
**(OR. en)**

**5031/20**

**LIMITE**

**CFSP/PESC 4**
**COPS 2**
**CLIMA 2**
**DEVGEN 1**
**ENV 3**
**ONU 1**
**RELEX 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Polaitiúil agus Slándála |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide.

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Aeráide**

1. Is bagairt eiseach é an t-athrú aeráide ar an gcine daonna agus ar an mbithéagsúlacht i ngach tír agus réigiún agus teastaíonn freagairt chomhpháirteach phráinneach ina leith. Tá an tAontas ar thús na cadhnaíochta ina leith, agus tá a fhreagracht á ghlacadh aige. Leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019 formhuiníodh an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras. Agus an tuarascáil speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le Téamh Domhanda 1.5°C á cur san áireamh freisin, thíolaic an Coimisiún Eorpach a Chomhaontú Glas don Eoraip ina leagtar amach tograí d'aistriú ar fud an gheilleagair agus straitéis fáis inbhuanaithe a bheidh cóir agus cuimsitheach araon, a mbeidh sé mar aidhm aici an rathúnas agus an domhan a chosaint ag an am céanna. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an tAontas ina eiseamláir ceannaireachta chun an uaillmhian dhomhanda trí chéile a mhéadú.

2. Léiríonn an fhianaise eolaíoch is déanaí, lena n-áirítear tuarascálacha ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), go bhfuil astaíochtaí fós ag méadú ar fud an domhain, in ainneoin iarrachtaí domhanda. Is cúis imní go bhfuarthas go bhfuil teocht an Artaigh ag ardú ar ráta atá breis agus dhá uair níos tapa ná an meánráta domhanda, ardú a mbeidh iarmhairtí tromchúiseacha domhanda air. Is cúis mhór imní gur teophointe thionchair an athraithe aeráide é réigiún na Meánmhara, ina bhfuil an deascadh ag dul i laghad agus na teochtaí ag dul i méid, chomh maith le téamh Mhuir Bhailt, na Mara Duibhe agus na Mara Thuaidh atá ag tarlú ar luas níos airde ná an meán. Tá méadú ag teacht ar an mbearna idir leibhéal reatha na gníomhaíochta agus na huaillmhéine domhanda agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a comhaontaíodh. Tá an bhearna sin le feiceáil i ngluaiseacht faoi stiúir na n-óg atá ag iarraidh gníomhaíochta chun teacht suas leis an eolaíocht. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur bliain ríthábhachtach a bheidh in 2020 maidir leis an uaillmhian seo. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile a gcuid rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) a nuashonrú i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus soiléireacht, trédhearcacht agus tuiscint (ICTU) a mhéadú maidir lena gcuid NDCanna, agus straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle a chur in iúl, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus an uaillmhian is mó is féidir a léiriú mar fhreagairt ar an bpráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

3. Is ábhar fíorphráinne, dá bhrí sin, an fhreagairt dhomhanda ar an ngéarchéim aeráide a neartú. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach cur leis an uaillmhian dhomhanda agus bainfidh sé leas as na huirlisí uile atá ar fáil dó chun dul i ngleic le dúshlán na haeráide. Ní mór dlús a chur, mar ábhar práinne, leis na hiarrachtaí a dhéantar lasmuigh den Aontas. D'iarr Comhairle Eorpach mhí na Nollag ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí aird ar leith a thabhairt ar an taidhleoireacht aeráide. Cuirfidh an rannpháirtíocht idirnáisiúnta sin le huaillmhian an Aontais Eorpaigh féin sna hearnálacha ábhartha uile agus beidh sí ina príomhthosaíocht don taidhleoireacht Eorpach in 2020.

4. Tá rannpháirtíocht idirnáisiúnta méadaithe inbhuanaithe ríthábhachtach má tá rath le bheith ar na hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Is é Comhaontú Pháras an creat iltaobhach ríthábhachtach i gcónaí lena rialaítear an gníomhú ar son na haeráide. Mar sin féin, cuirtear i dtreis le torthaí an 25ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP25) i Maidrid go bhfuil géarghá le níos mó gníomhaíochta ó na stáit, na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ón tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear na hinstitiúidí airgeadais.

5. Ní mór don Aontas Eorpach a áitiú ar thríú tíortha dlús a chur lena n-iarrachtaí in éineacht leis an Aontas Eorpach. Neartóidh an tAontas a thacaíocht le Páirtithe ábhartha maidir le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a athbhreithniú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí Chomhpháirtíocht NDC, agus maidir le straitéisí uaillmhianacha fadtéarmacha a cheapadh, lena n-áirítear roimh COP26 i nGlaschú, chun an uaillmhian is mó is féidir a chruthú. Leanfaidh an tAontas de bheith ina chomhpháirtí cuiditheach teanntásach. Cuirfear bonn taca faoi sin lenár n-ionstraimí beartais sheachtraigh, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais inbhuanaithe agus beartas trádála, chun astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt sheasmhach ó thaobh na haeráide de atá sábháilte agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Ag meabhrú di gur gá aeráidneodracht a bhaint amach ar bhealach lena gcaomhnófar iomaíochas an Aontais, lena n-áirítear trí bhearta éifeachtacha a fhorbairt chun dul i ngleic le sceitheadh carbóin ar bhealach a bheadh comhoiriúnach le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha a mholadh i ndáil le hearnálacha ar mór a lorg carbóin. Meabhraíonn an Chomhairle go gcuirtear deiseanna ar fáil freisin le comhaontuithe an Aontais le tríú tíortha agus le tríú réigiúin chun idirphlé agus comhar a dhéanamh maidir leis an aeráid agus an comhshaol le tíortha comhpháirtíochta. Is gá do na saoráidí i dtríú tíortha cloí leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde i ndáil leis an gcomhshaol agus le sábháilteacht.

6. Meabhraíonn an Chomhairle tiomantas leanúnach an Aontais gona Bhallstáit cur le slógadh an mhaoinithe idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide. Tá an méid sin mar chuid de sprioc chomhchoiteann na dtíortha forbartha USD 100 billiún a shlógadh go comhpháirteach in aghaidh na bliana faoi 2020 agus ar aghaidh go dtí 2025 chun críoch maolaithe agus oiriúnaithe i dtíortha i mbéal forbartha, ó réimse leathan foinsí, ionstraimí agus bealaí i gcomhthéacs fíorghníomhaíochtaí maolúcháin agus trédhearcacht maidir le cur chun feidhme agus cuireann sí i bhfios go láidir an gá atá le raon níos leithne rannpháirtithe. Is díol sásaimh don Chomhairle tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le maoiniú inbhuanaithe agus aeráidneodracht amhail comhghuaillíocht na n-airí airgeadais um ghníomhú ar son na haeráide agus an t-ardán idirnáisiúnta maidir le maoiniú inbhuanaithe, a seoladh le déanaí.

7. I gcomhthráth, neartóidh an Coimisiún, an tArdionadaí agus na Ballstáit an rannpháirtíocht dhéthaobhach maidir le gníomhú ar son na haeráide le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí réigiúnacha. Beidh sé mar thosaíocht againn oibriú le geilleagair G20 nach bhfuil san Aontas agus arb iad is cúis le trí cheathrú de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda, chomh maith leis na tíortha is leochailí atá thíos go mór leis an athrú aeráide, lena n-áirítear na Tíortha is Lú Forbairt agus na Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha chun dul in oiriúint do réaltachtaí nua an athraithe aeráide agus chun an teacht aniar i gcoinne thionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a neartú, agus chun gnóthú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas de sheasamh le cearta an duine, agus le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban freisin, agus d'iad sin a chur chun cinn agus a chosaint.

8. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé cuir chuige shaincheaptha a shaothrú don chomhar le tríú tíortha, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le haistriú atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de mar chumasóir don ghníomhú ar son na haeráide. Is éard atá i gceist leis sin go molfaí go ndéanfadh tíortha eile gníomhaíochtaí sonracha, bunaithe ar anailís stóinsithe maidir leis an áit ar féidir torthaí a bhaint amach, agus trí ghnóthachain chomhshaoil agus eacnamaíocha, mar aon leis an leas domhanda a bhaineann le stop a chur leis an ardú teochta, a léiriú. Gníomhaíochtaí chun dlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide i dtíortha comhpháirtíochta, trí bhearta maolaithe agus oiriúnaithe araon, beidh baint ag na gníomhaíochtaí sin le gach earnáil den gheilleagar - mar atá san Aontas - agus chuige sin beidh gá leis na hidirphléití déthaobhacha agus an comhar teicniúil atá ann cheana a neartú. Na Ballstáit a bhfuil na cláir aeráide agus fuinnimh acu cheana le tíortha G20 nach bhfuil san Aontas Eorpach, roinnfidh siad a dtaithí maidir lena rannpháirtíocht dhéthaobhach chun Taidhleoireacht Aeráide chomhtháite éifeachtúil an Aontais a áirithiú, lena bhféadfaí iarrachtaí a áireamh freisin chun dul i ngleic le dífhoraoisiú, bainistiú comhtháite acmhainní uisce a chur chun cinn agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú. Ba cheart féachaint freisin ar rannpháirtíocht nuálach ó chinnteoirí, ón tsochaí shibhialta agus ó lucht gnó, i ndlúthchomhar leis na creataí atá ann cheana.

9. Leis an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tSín i mBéising, Cruinniú Mullaigh na gCeannairí in Leipzig, an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tSeapáin, an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tAontas Afracach agus an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an India agus le mórimeachtaí idirnáisiúnta eile in 2020 amhail Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin i Liospóin agus an 15ú Comhdháil de na Páirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch in Kunming, tá deiseanna maithe ann chun comhghuaillíochtaí agus an gníomhú maidir leis an aeráid agus an comhshaol a neartú, le linn bliain chriticiúil sna pléití idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, na haigéin agus an mbithéagsúlacht. Déanfaidh an Coimisiún, an tArdionadaí agus na Ballstáit tuilleadh béime a leagan freisin ar thacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag comharsana béil dorais an Aontais - i gcomharsanacht an Deiscirt, i dTíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus sna Balcáin Thiar, go háirithe sna réigiúin agus earnálacha sin is mó a raibh tionchar ag an aistriú orthu.

10. Is rímhaith is eol don Aontas Eorpach gurb é an t-athrú aeráide faoi ndeara méadú ar bhagairtí ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil idirnáisiúnta, a mbíonn tionchar ar leith orthu siúd sna staideanna is leochailí, lena dtéann an brú ar an gcomhshaol agus an riosca tubaiste i dtreis, agus lena gcuirtear le cailliúint slite beatha agus easáitiú daoine. Leanfaidh an tArdionadaí, an Coimisiún agus na Ballstáit de thosca agus rioscaí aeráide agus comhshaoil, lena n-áirítear rioscaí maidir le huisce, a chur san áireamh inár rannpháirtíocht straitéiseach le tíortha comhpháirtíochta agus obair a dhéanamh ar bhearta coisctheacha amhail córais réamhrabhaidh . Molann an Chomhairle do Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) agus do chóras na Náisiún Aontaithe i gcónaí bunús cuimsitheach faisnéise i dtaca le rioscaí slándála a bhaineann leis an aeráid a chruthú do CSNA, d'fhonn tosca riosca aeráide agus comhshaoil, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, a chomhtháthú go hiomlán i measúnú agus bainistiú na mbagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil, ar leibhéal na tíre, ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta, agus gaisneas a bhaint as saineolas chóras uile na Náisiún Aontaithe d'fhonn teacht ar fhreagairtí oibríochtúla ar na rioscaí sin agus misin na Náisiún Aontaithe a neartú ar an bhfód.

11. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí uaithi an 17 Meitheamh 2019 maidir le slándáil agus cosaint ina n-aithnítear a ábhartha atá saincheisteanna comhshaoil agus an t-athrú aeráide maidir le misin agus oibríochtaí CBSC, lena n-áirítear a dtionchar ar phleanáil agus ar fhorbairt an chumais mhíleata i ndáil leis an nasc idir an tslándáil agus an aeráid. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí an obair sin a thabhairt chun cinn agus go bhfeabhsófaí an comhar i measc gníomhaithe éagsúla gan dochar do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais.

12. Mar obair leantach ar na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú i gcomhar lena chéile agus ar bhonn práinneach i dtreo cur chuige straitéiseach i leith Taidhleoireacht Aeráide faoi mhí Meithimh 2020 lena sainaithnítear bealaí chun cinn atá nithiúil, oibríochtúil chun na haidhmeanna a leagtar amach sna Conclúidí seo ón gComhairle a bhaint amach. Tacóidh Gréasán Taidhleoireachta Glaise an Aontais leis an gcúram sin, agus áiritheofar sineirgíocht iomlán le taidhleoireacht fuinnimh an Aontais, agus slógfar acmhainní comhcheangailte thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus ambasáidí na mBallstát i dtríú tíortha. Fillfidh an Chomhairle ar an scéal roimh COP26 in 2020 i nGlaschú.